An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

## Plean Straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta 2022-2027

# Teagasc agus Foghlaim do chách

# Réamhrá

**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht reachtúil um chaighdeáin ghairmiúla do ghairm na múinteoireachta in Éirinn, a bhfuil sé de dhualgas dlí uirthi an ghairm a chur chun cinn agus a rialáil.**

Is é plean straitéiseach 2022-2027 seo, an chéad phlean 5 bliana i stair an Comhairle Múinteoireachta. Leagtar amach uaillmhianta na Comhairle maidir lena sainchúram sna blianta amach romhainn i gcomhthéacs an chórais oideachais níos leithne agus is é seo an toradh ar phróiseas comhairliúcháin cuimsitheach le páirtithe leasmhara, foireann na Comhairle agus an Roinn Oideachais. Gabhann an Chomhairle buíochas le gach duine a chuir eolas ar fáil do na machnaimh seo, le linn an phróisis chomhairliúcháin agus le go leor comhráite gairmiúla thar na blianta.

Sa phlean seo críochnófar céim fáis Droichead, an creat ionduchtaithe gairmiúil comhtháite do mhúinteoirí nua-cháilithe. Déanann sé athbhreithniú freisin ar na caighdeáin d’Oiliúint Tosaigh Múinteoirí i gCéim, agus leagtar síos an uaillmhian maidir le Cosán a chur i bhfeidhm go sistéamach, an creat náisiúnta d’fhoghlaim múinteoirí. Mar gheall gurb iad na réimsí seo na trí philéar de Chontanam Oideachais Mhúinteoirí, measann an Chomhairle go bhfuil sé oiriúnach agus riachtanach an plean seo a shocrú taobh istigh de chreat ama 5 bliana d’fhonn an scóip straitéiseach dá bhforbairt a uasmhéadú.

Déanann an Comhairle soláthar ar chlár de níos mó ná 111,000 múinteoir le haghaidh córas scoile de bheagnach 4,000 scoil agus milliún foghlaimeoir. Oibrímid go leanúnach chun a chinntiú go bhfuil gach gné dár gcuid oibre, lena n-áirítear oibríochtaí agus rialáil, éifeachtúil, éifeachtach agus freagrúil. Le seoladh NOVUS, an bunachar sonraí nua don chlár, agus an ceann is mó dá leithéid in Éirinn, déanfar céim nua san obair seo a mharcáil.

Tá an clár ag fás gach bliain ó cruthaíodh é sa bhliain 2006. Gach bliain, déanann 5,500 múinteoir ar an meán iarratas ar chlárúchán tosaigh leis an gComhairle. Cuireann sé seo béim, go háirithe i gcomhthéacs an chuimsithe, an chomhionannais agus na héagsúlachta, ar an tábhacht a bhaineann le cur i bhfeidhm sistéamach Cosán sna cúig bliana amach romhainn. Ba shampla an-láidir é an phaindéim do thiomantas múinteoirí don fhoghlaim ghairmiúil d’fhonn freagairt do riachtanais a gcuid foghlaimeoirí - ach ní hé an t-aon cheann é ar chor ar bith. Tá tiomantas gairmiúil na múinteoirí seo suite i gcomhthéacs ionchais mhéadaithe ón bpobal maidir le nascacht i seirbhísí poiblí, agus maidir le teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán. É sin ráite, ní bhaineann sé seo le níos mó a dhéanamh, ach aitheantas a thabhairt do gach a bhfuil á dhéanamh chun freagairt do riachtanais foghlaimeoirí agus cuspóir na foghlama gairmiúla a shoiléiriú. Ar na cúiseanna sin, leanfaidh an Chomhairle ag comhoibriú le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfuil na deiseanna ar fad don fhoghlaim ghairmiúil solúbtha agus ábhartha go leor chun freagrúlacht ghairmiúil ar riachtanais foghlaimeoirí a éascú.

Tá leas an phobail thar a bheith tábhachtach don Chomhairle Mhúinteoireachta. Ar ndóigh, tá brí ar leith le leas an phobail i dtéarmaí aidhmeanna ár mbeartais agus críocha ár gcuid oibre rialála. Ní mór a shoiléiriú nach bhfuil leas an phobail agus riachtanais na gairme ag teacht salach ar a chéile. Tá obair na Comhairle bunaithe ar an tuiscint go bhfuil siad mar an gcéanna, go háirithe mar atá léirithe sa Chód Iompair Ghairmiúil. Léirítear é seo freisin sa reachtaíocht atá mar bhonn agus taca le feidhmeanna agus obair na Comhairle Múinteoireachta, áit ar aithin an Stát an meas domhain cultúrtha agus stairiúil a bhí ag sochaí na hÉireann ar mhúinteoirí tríd an sainordú atá ann.

# Réamhrá ó Chathaoirleach agus Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta

**Tá córas oideachais na hÉireann tagtha tríd tréimhse nuálaíochta agus claochlaithe dochreidte. D'fhéadfaí é seo a rá le sé bliana déag anuas an oiread agus a d'fhéadfaí é a rá faoin dá bhliain dheireanacha.**

Mar atá le feiceáil sa Tuarascáil Nuálaíochta Socrúcháin Scoile (2021) amháin, a foilsíodh le déanaí, tá freagairt ghairm na múinteoireachta agus oideachasóirí múinteoirí ar an gcéad phaindéim dhomhanda le breis agus céad bliain iontach agus spreagúil. Tá ár mbuíochas ag dul do ghairm na múinteoireachta mar gheall ar na bealaí inar chothaigh siad an teagasc agus an fhoghlaim le linn gach céim den phaindéim. Ba fhorbairt shuntasach freisin an méid a chuidigh agus a threoraigh scoileanna a bhfoireann teagaisc úsáid uirlisí digiteacha agus oideolaíocht a oiriúnú chun tacú leis an obair seo.

Agus an Chomhairle Mhúinteoireachta ag féachaint ar aghaidh ar na cúig bliana amach romhainn, ó thaobh pleanáil straitéiseach de, is léir go gcaithfidh sí cothromaíocht chúramach a bhaint amach idir go leor de na hathruithe seo a oiriúnú ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, a chinntiú go leanfar leis an teagasc agus foghlaim is fearr amach anseo, rud a d'fhreastail go maith orainn i gcónaí.

Tá sé seo níos ábhartha fós i bhfianaise an aird níos mó a thugtar ar ábhar an chuimsithe, na héagsúlachta agus an chomhionannais in oideachas na hÉireann. Beidh impleachtaí suntasacha ag daingniú na hÉireann ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe do Chearta Daoine faoi Mhíchumas don réimse seo sna deich mbliana amach romhainn agus níos faide anall. Ina theannta sin, cuireann an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, cearta an duine agus comhionannas ag croílár chomhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuspóra.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta deireadh a chur le hidirdhealú, comhdheiseanna a chur chun cinn don fhoireann agus do na múinteoirí go léir, agus do chearta an duine a chosaint do chách.

Más é treo straitéiseach fadtéarmach an oideachais chuimsithigh comhlonnú níos fearr an oideachais agus an chúraim, agus go háirithe seirbhísí teiripeacha, beidh níos mó spáis agus ama ag teastáil uaidh seo chun go gcomhoibreoidh gach gairmí go héifeachtach chun tacú le riachtanais gach foghlaimeora. Dá bhrí sin, leanfaidh Plean Straitéiseach na Comhairle le béim a leagan ar thábhacht an chleachtais chomhoibrithigh. Is cóir a rá go bhfuil fás mór tagtha ar scóip an chleachtais chomhoibrithigh seo le cúpla bliain anuas. Caithfidh sé seo leanúint ar aghaidh.

É sin ráite, tá sliocht ann, nach bhfuil mórán eolas air, de chuid an Ollaimh John Coolahan a chaithfear a lua anseo:

> **There is a three-letter word which I cherish in the education process, but is rarely expressed, and that is 'joy'. I consider that education is a joyous, fulfilling activity, and this dimension of joyous engagement should be more emphasised. At its heart, learning is a mode of exploration and should be cherished.**

*[Tagairt ón tOllamh Ciarán Benson, Time, Vocabulary and Art's Thoughtful Uses of Feeling? - léacht tugtha an 28 Feabhra 2019; foilsithe 2021]*



**Soláthraíonn an tsolabharthacht seo cúlra an-tacúil do choincheapa na cruthaitheachta, na folláine, an chomhionannais, an chuimsithe agus na héagsúlachta sa teagasc agus san fhoghlaim.**

Soláthraíonn an tsolabharthacht seo cúlra an-tacúil do choincheapa na cruthaitheachta, na folláine, an chomhionannais, an chuimsithe agus na héagsúlachta sa teagasc agus san fhoghlaim. Déanfaimid iarracht leanúint le cuimsitheacht inár gcur chuige, agus éagsúlacht inár ngairm teagaisc, a fheabhsú, ní mar gheall go bhfuil rud éigin briste (rud nach bhfuil), ná mar geall go bhfuil oibleagáid orainn, ach mar gheall gur rudaí maithe iad seo le déanamh, agus cuirfidh siad le lúcháir ár n-iarrachtaí comhchoiteanna.

Leanfaidh comhoibriú sistéamach idir an Chomhairle Mhúinteoireachta, an tAire agus an Roinn Oideachais, a Cigireacht, agus ranna agus comhlachtaí rialtais eile (lena n-áirítear an NCCA agus NCSE) agus páirtithe leasmhara oideachais de bheith ríthábhachtach i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm freagraí beartais nuálacha freagrúil ar ár gcomhriachtanais agus ár ndúshláin.

Tugann fianaise idirnáisiúnta, chomh maith le beartas agus reachtaíocht an rialtais, le fios dúinn gur géarchéim reatha é an t-athrú aeráide a éilíonn comhoibriú agus nuálaíocht i ngach réimse - ábhair; scoileanna; earnálacha; ranna; pobail; náisiúin. Léiríonn luas agus scála ár bhfreagra ar athrú aeráide go dtí seo, cé go bhfuil sé ríthábhachtach fianaise iontaofa a bhailiú agus a roinnt, is léir nach leor é. Éilíonn athrú aeráide ar an oideachas, mar a dhéanann sé ar gach disciplín agus gach iarracht, go ndéanaimid nasc, roinnt agus cumarsáid i bhfad níos éifeachtaí lena chéile ionas go dtuigfimid a bhfuil á rá ag an bhfianaise linn, cén pháirt is féidir le gach duine againn a imirt agus conas a bhfuilimid in ann gníomhú le chéile chun na rudaí is gá a dhéanamh a dhéanamh.

Mar sin, caithfidh ár gcur chuige i leith an oideachais tacú le hinbhuanaitheacht daoine agus áite. Cuimsíonn inbhuanaitheacht daoine folláine, fás, gníomhaireacht agus athléimneacht. Cuimsíonn inbhuanaitheacht áite an bhaint atá ag daoine lena chéile ar bhealaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ní féidir leis an oideachas an fhadhb seo a réiteach leis féin. Ach tá ról suntasach aige i dtacú le comhiarrachtaí gach réimse eolais, léargas agus saineolais. I ndeireadh na dála, cé a mhúinfidh eolaithe aeráide na chéad ghlúine eile?

Ina dhán “Reason and Passion”, scríobhann Khalil Gibran::

**“Your reason and your passion are the rudder and the sails of your seafaring soul”**

A mhéid is cosúil go léiríonn gairm na múinteoireachta an chaoi ar féidir leis an duine pearsanta agus an duine gairmiúil oibriú le chéile chun freastal ar riachtanais daoine eile, i gcás gach foghlaimeora, is cosúil go bhfuil a leithéid de ghlao oiriúnach agus riachtanach sna hamanna corracha seo. Tuigimid go dteastaíonn compás ó gach turas paisin agus turas réasúin chun an bealach a threorú. Tugann Plean Straitéiseach 2022-2027 na Comhairle compás amháin dá leithéid dár bpobail éagsúla foghlama, agus táimid ag tnúth le comhoibriú spreagúil agus nuálach le páirtithe leasmhara chun an turas a dhéanamh amach romhainn.

**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir / POF

**Seán McMahon**
Cathaoirleach

Nollaig 2021

# Dul chun cinn faoin bPlean Straitéiseach 2018-2020

## Chlúdaigh seacht gcuspóir na Comhairle, a leagamar síos don tréimhse 2018-2020, na réimsí seo a leanas:

1. An dul chun cinn atá déanta i dtreo Chontanam Oideachais Mhúinteoirí gan uaim a chomhdhlúthú agus a chur in iúl.
2. Oibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara chun samhail agus próiseas a chomhaontú chun comhoiriúnú níos fearr a chinntiú idir soláthar agus éileamh múinteoirí
3. Tacú le múinteoirí a gcleachtas gairmiúil a fheabhsú trí chreataí foghlama gairmiúla a éascaíonn cultúr na foghlama roinnte.
4. Leanúint d'iontráil sa ghairm a chosaint trí ardchaighdeáin oideachais tosaigh múinteoirí, chomh maith le próisis athbhreithnithe agus cláraithe éifeachtacha agus éifeachtúla.
5. A chinntiú go bhfuil cur i bhfeidhm an phróisis Feidhmiúlacht chun Múineadh láidir, cothrom agus trédhearcach do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne.
6. Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear folláine, agus feasacht ar obair na Comhairle a fheabhsú, trí chumarsáid nuálach inrochtana.
7. A chinntiú go bhfuil go leor acmhainní ag an gComhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear ó fhoinsí eile, chun tacú le: bealaí éifeachtacha oibre, comhlíonadh rialachais chorparáidigh agus forbairt beartas éifeachtach.



# Tá dul chun cinn suntasach déanta againn faoi gach ceann de na haidhmeanna straitéiseacha seo le trí bliana anuas:

## Sprioc 1

- Céim: Cheadaigh an Chomhairle caighdeáin le haghaidh ITE, agus forbraíodh Nóta Treorach maidir le Socrúchán Scoile, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, chun pleanáil agus éascú do shocrúchán scoile i gcomhthéacs Covid 19 a chumasú.

## Sprioc 2

- Bhí ról gníomhach ag an gComhairle Mhúinteoireachta sna grúpaí oibre agus maoirseachta a bhunaigh an Roinn Oideachais maidir le soláthar múinteoirí le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh dheireanaigh. Áiríodh san obair seo cumarsáid a chuireann teagasc chun cinn mar ghairm, tacú le samhlacha sonraí atá ag teacht chun cinn ar bhonn chlár na múinteoirí, agus tacú le roinnt forbairtí nua maidir le cláir Oiliúna Tosaigh Múinteoirí;
- Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta roinnt clár comhthráthach nua do theagasc iar-bhunscoile atá dírithe ar réimsí ábhair tosaíochta a chreidiúnú, agus
- Bhí an Chomhairle Mhúinteoireachta i gceannas ar obair shuntasach i gcomhar leis an Roinn Oideachais, Institiúidí Ardoideachais (IAnna) agus páirtithe leasmhara chun tionchar na paindéime ar theagasc agus ar fhoghlaim a mhaolú, lena n-áirítear: seachadadh clár solúbtha ITE a éascaíonn riachtanais ionadaíochta i scoileanna; rialáil éigeandála lena gceadaítear ionduchtú a chríochnú in Éirinn dóibh siúd a cháiligh thar lear, agus an t-ardán SubSeeker a chur chun cinn mar chomhpháirtíocht idir Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (ILPBÉ) agus Comhairle Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leasphríomhoidí (CNPL).

## Sprioc 3

- Cuireadh céim fáis Droichead i gcrích sa bhliain acadúil 2020/2021. Ghlac níos mó ná 3,400 múinteoir páirt sa phróiseas i mbreis agus 1,600 scoil i rith na bliana acadúla. Mar thoradh ar an infheistíocht sa phróiseas, tá 8,400 múinteoir meantóireachta anois i mbreis agus 2,000 scoil.
- Reáchtáladh ceardlanna Cosán le linn na paindéime i gcomhar leis an Education Support Centres Ireland (ECSI) sa scoilbhliain 2019/2020.

## Sprioc 4

- Cheadaigh an Chomhairle agus an tAire Oideachais Riachtanais Athbhreithnithe ar Ábhair Churaclaim sa bhliain 2020.

## Sprioc 5

- Deimhníodh téagar agus cáilíocht phróisis agus nósanna imeachta oiriúnachta na Comhairle i mbreithiúnais na Cúirte lena n-áirítear Breithiúnas na Cúirte Achomhairc in 'MP -v- An Chomhairle Mhúinteoireachta' a seachadadh i mí Iúil 2019.

## Sprioc 6

- Rinneadh FÉILTE a chomhdhlúthú sa bhliain 2018 i Luimneach, sa bhliain 2019 i nGaillimh agus sa bhliain 2020 ar líne. Ócáid go hiomlán ar líne a bhí ann sa bhliain 2020, agus bhí an lucht féachana is mó riamh ann le breis agus 3,000 duine ag glacadh páirt san imeacht FÉILTE.

## Sprioc 7

- Rinneadh athstruchtúrú ar phróiseas cláraithe oiriúnaithe NQT mar gheall ar Covid. Tugadh níos mó ná 3,400 clárúchán chun críche laistigh de thréimhse ama ceithre seachtaine, níos giorra ná blianta roimhe sin.
- Cuireadh tús le céim chur chun feidhme an tionscadail nua athsholáthair bunachar sonraí ar líne 'NOVUS' i mí Eanáir 2020, lena n-áirítear dearadh, ceardlanna fionnachtana, agus dréachtú Ráiteas Oibreacha an tionscadail.

# Ráiteas Aidhme

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta na caighdeáin is airde i ngairmiúlacht múinteoirí agus in oideachas múinteoirí a chur chun cinn agus a thacú le beartais, rialáil agus taighde éifeachtach.

Déanaimid iarracht tírdhreach fabhrach a chothú le haghaidh teagasc agus foghlaim inbhuanaithe agus sofhreagrach inár bpobail. Déanaimid é seo trí chomhoibriú leis an Roinn Oideachais agus leis na páirtithe leasmhara go léir ar éagsúlacht mhéadaitheach bealaí nuálacha.

Cinnteoidh an obair seo teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán do chách, trí chruthaitheacht fheabhsaithe, cuimsiú, éagsúlacht, ceannaireacht agus folláine. Forbróidh sé seo muinín agus iontaoibh an phobail i ngairm na múinteoireachta in Éirinn, agus san oideachas níos leithne.




Príomhthéamaí
an phlean
Nuálaíocht
Ionclúideadh
Inbhuanaitheacht
Cruthaitheacht
Cruthaitheacht
Folláine
Taighde
Gairmiúlacht
Comhionannas

# Aidhmeanna agus Cuspóirí Straitéiseacha

## 1 Clárú & Soláthar Múinteoirí



### Sprioc:

**Soláthar dóthanach múinteoirí cláraithe agus a bhfuil grinnfhiosrúcháin déanta orthu, a chinntiú chun freastal ar riachtanais aitheanta an chórais scoile, lena n-áirítear éagsúlacht, i gcomhar leis an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus na páirtithe leasmhara go léir.**

### Cuspóirí

**1.1** A chinntiú go gcomhlíonann gach clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM), a ndéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú agus creidiúnú air, na caighdeáin atá leagtha amach i Céim agus go bhfuil siad ailínithe le tosaíochtaí beartais náisiúnta.

**1.2** Athbhreithniú a dhéanamh ar Droichead i bhfianaise chur i bhfeidhm na céime fáis agus an beartas a nuashonrú de réir mar is cuí.

**1.3** An bunachar sonraí cláraithe nua NOVUS a chur i bhfeidhm agus an Chomhairle Mhúinteoireachta a chuir mar phríomh-nuálaí i réimse na rialála gairmiúla, lena n-áirítear digitiú.

**1.4** Sonraí cruinne a sholáthar chun tacú le mionchoigeartú leanúnach ar shamhaltú soláthair múinteoirí trí NOVUS, an bunachar sonraí cláraithe nua, a ghiaráil, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus le páirtithe leasmhara eile.

**1.5** Leanúint le próisis agus nósanna imeachta cláraithe na Comhairle a shruthlíniú d'fhonn éifeachtúlachtaí a mhéadú le fócas ar leith ar chlárú faoi réir coinníollacha agus measúnú ar cháilíochtaí teagaisc thar lear.

**1.6** Comhoibriú le páirtithe leasmhara ábhartha lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais earcaíochta agus ionadaíochta scoileanna le múinteoirí cláraithe ar bhonn sistéamach.

**1.7** Tacú agus spreagadh a thabhairt d'oideachas Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge i gcomhar leis an Roinn Oideachais, a gníomhaireachtaí agus a geallsealbhóirí.


**1.8** Coimisiúnú taighde fadaimseartha a chur chun cinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na gclár OTI athchoincheaptha agus leathnaithe i gcomhar leis an Roinn Oideachais.

**1.9** Rialacháin nuashonraithe na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) a chur i bhfeidhm, tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara.

**1.10** Leanúint den chomhoibriú le páirtithe leasmhara agus leis an Roinn Oideachais chun tacú le héagsúlacht i ngairm na múinteoireachta agus chun í a chur chun cinn.

**Ionclúideadh**

# 2 Pobail Ghairmiúla Chomhoibríocha don Inbhuanaitheacht



## Sprioc:

> **Creataí agus tacaíochtaí praiticiúla a sholáthar i bpobail ghairmiúla chomhoibríocha le fócas ar leith ar chuimsiú, áthas agus cruthaitheacht i dteagasc agus i bhfoghlaim ar ardchaighdeán.**


## Cuspóirí

**2.1** Comhoibriú leis na Ranna Oideachais, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), agus comhpháirtithe eile chun gairmiúlacht múinteoirí i scoileanna agus i gcomhthéacs an oideachais níos leithne a chur chun cinn agus tacú leo, le fócas ar leith ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht, ceannaireacht agus taighde.

**2.2** Leanúint le cur chun feidhme na bpríomh-mholtaí ó thuarascáil agus plean gníomhaíochta an Ghrúpa Oibre Socrúcháin Scoile a chur chun cinn i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus le páirtithe leasmhara.

**2.3** Cur i bhfeidhm Cosán (Próiseas Forbartha an Chreata d'Fhoghlaim Mhúinteoirí) ar fud an chórais a chur chun cinn i gcomhar leis an Roinn Oideachais, a seirbhísí tacaíochta agus páirtithe leasmhara náisiúnta, chun áthas agus cruthaitheacht san fhoghlaim a chothú.

**2.4** 'Pobal Foghlama Gairmiúil' de mhúinteoirí Cosán a bhunú agus tacú leo chun an cleachtas is fearr a scaipeadh agus éachtaí a cheiliúradh laistigh de scoileanna, ar fud réigiún agus go forleathan.




**2.5** Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le BEACONS (Bringing Education Alive for our Communities On a National Scale) cabhrú le pobail agus páirtithe leasmhara náisiúnta chun tacú le folláine, cruthaitheacht agus cuimsiú do chách agus iad a spreagadh trí thionscadal Ionstraim Tacaíochta Teicniúla an AE, agus i gcomhar leis an the Organisation for Economic Co-operation and Development (OECD).

**2.6** Feasacht a mhéadú ar FÉILTE (an Féile bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta) agus a raon/tionchar a leathnú trí:

(i) comhpháirtíochtaí a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara trí

(ii) ábhar a sholáthar go cianda/ar líne i gcomhthéacs hibrideach agus


(iii) líonraí réigiúnacha a bhunú

**2.7** Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis taighde na Comhairle, chun ailíniú leis an Roinn Oideachais agus a gníomhaireachtaí agus fás na nasc sistéamach a chinntiú

**2.8** An tsraith taighde CROÍ, de chuid na Comhairle, a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin fianaise agus dea-chleachtas a dhéanamh níos inrochtana agus tacú le cultúr taighde i ngairm na múinteoireachta.

**2.9** Straitéis chomhtháite cumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cuspóirí agus táirgí insoláthartha soiléire a ionchorprú, le béim ar leith ar Bhéarla agus Gaeilge shimplí.

# 3 Feidhmiúlacht chun Múineadh



## Sprioc:

**Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil próisis Feidhmiúlachta chun Múineadh cóir, iomchuí agus éifeachtach ar mhaithe le leas an phobail agus na gairme**

## Cuspóirí

**3.1** Dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus le páirtithe leasmhara náisiúnta:

(i) (maidir le nósanna imeachta alt 28 a bhunú (An tAcht Oideachais 1998) chun a chinntiú, nuair is iomchuí, go réitítear ábhair araíonachta go rathúil ar leibhéal na scoile, agus go gcuirtear saincheisteanna níos tromchúisí in iúl don Chomhairle Mhúinteoireachta agus


(ii) maidir le tús a chur le rialacháin chun éifeacht a thabhairt d'Alt 37 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta.

**3.2** Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh, nuair is iomchuí, ar na cumarsáidí a eisítear don phobal agus do mhúinteoirí maidir le feidhmiúlachta chun múineadh, le béim ar leith ar Bhéarla shimplí chun inrochtaineacht níos fearr a chinntiú.

**3.3** Athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis feidhmiúlachta chun múineadh agus de réir mar is gá, céimeanna imscrúdaithe agus fiosrúcháin a shruthlíniú chun éifeachtúlachtaí a uasmhéadú ó thús go deireadh.



# 4 Corparáideach & Acmhainní - Bealaí Inbhuanaithe Oibre



## Sprioc:

**Cultúr eagrúcháin solúbtha, comhoibritheach agus nuálach na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil agus a fheabhsú a thacaíonn le comhfhoghlaim agus freagrúlacht do riachtanais rialála agus tosaíochtaí náisiúnta.**

## Cuspóirí

**4.1** Straitéis saincheaptha agus chomhtháite daoine a fhorbairt chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Comhairle a chur i bhfeidhm

**4.2** Socruithe oibre cumaiscthe a chur i bhfeidhm a thacaíonn le treo straitéiseach na Comhairle agus a léiríonn treoirlínte náisiúnta.

**4.3** Bealaí oibre inbhuanaithe a chothabháil agus a fheabhsú a thacaíonn le folláine na foirne agus a chomhlíonann cuspóirí éifeachtúlachta eagraíochta

**4.4** Athbhreithnithe tréimhsiúla ar leibhéil foirne a chur i gcrích de réir riachtanais straitéiseacha na heagraíochta agus a hacmhainní airgeadais.

**4.5** Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht reatha a rialaíonn agus a chuireann gairm na múinteoireachta chun cinn chun athruithe a threorú agus a mholadh.

Folláine

Nuálaíocht

**4.6** Leanúint ar aghaidh ag ailíniú struchtúir rialachais lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, trí:

(i) leanúint ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar chórais slándála agus TF

(ii) an plean iniúchta inmheánaigh a chur chun cinn go réamhghníomhach agus, i gcomhthéacs an Chóid Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit (2016)

(iii) an t-athbhreithniú ar an gCód Cleachtais don Chomhairle do chomhaltaí, don Chathaoirleach, don Stiúrthóir agus don Rúnaí a thabhairt chun críche.

**4.7** Feasacht a mhéadú ar ról agus ar éachtaí na Comhairle i réimsí an chur chun cinn, na rialála agus an fheabhais i dteagasc, i bhfoghlaim agus i dtaighde trí chaidrimh le páirtithe leasmhara agus lucht féachana lárnacha a neartú.

**4.8** Leanúint ar aghaidh ag seachadadh seirbhísí agus próisis na Comhairle ar bhealach cothrom agus trédhearcach, ag cur cearta an duine agus an chomhionannais ag croílár an chaoi a ndéanaimid ár bhfeidhmeanna a bhaint amach.

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
The Teaching Council

Block A, Maynooth Business Campus,
Maynooth, Co. Kildare, Ireland

Telephone +353 1 651 7900
Facsimile +353 1 651 7901
Email info@teachingcouncil.ie

**www.teachingcouncil.ie**

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council